


An Doirseoir



AN tATHAIR
SOLANUS Ó CATHASAIGH,
CAIPISÍNEACH,
SCÉAL A BHEATHA.

Bíodh is gur oirníodh an tAth. Solanus Ó Cathasaigh, O.F.M., Cap. níos ceadaíodh riamh dó faoistine a éisteacht ná seanmóir a thabhairt. Cheiliúir sé an Eocairist gach lá agus ní ón gerannóg ná i mbosca na faoistine a d'fhógair sé an dea-scéal ach in oifig bheag laistigh de dhoras na mainistreach. B'é an doirseoir é agus ba chuige a tháinig daoine ina mílte ag lorg comhairle agus treoir spioradálta. Ní fios an mbeadh an tionchar céanna ag an tAth. Solanus ar chroíthe an oiread san daoine dá mbeadh sé i bhfeighil gnáth-chúramaí na sagartóireachta. Thug an saol a chaith sé, is srian curtha lena obair mar shagart, saoirse dó freastal spioradálta a dhéanamh i slí fé leith ba thoil le Dia. I bhfocail duine a bhí ar dhuine dá chúigígh bhí an tAth. Solanus “ar an té ba iomráití dár bhain riamh lenár gcúige. Fuair sé bás sa bhliain 1957 agus cáil air de bharr a bheannaitheachta.

Bhí ag an Ath. Solanus, deisceabal dilís Naomh Proinsias, grá doimhin agus mórthrua dóibh siúd a bhí bocht agus faoi dhoilíos. Cruthú is ea a shaol go bhfuil fianaise dá thabhairt ag Spiorad Naofa Dé i Meiriceá na linne seo.

Pictiúir agus dearadh--Fr, Salvador Fink, OFM.

Taighde--Fr. John Manning, O.F. M.

Pictiúir an chlédaigh-- An tAth. Solanus Ó Cathasaigh, O.Ph.M.Cap.(1870-1957)

(Tógadh an pictiúir bliain sul ar cailleadh é)

Athchló le cead ón iris Anthonian,

1987 -Imleabhar 61, an chéad ráithe.

Clócheart 1987 le St. Anthony's Guild, Paterson, NJ07509.

DEARBHÚ

Faoi umhalaíocht do fhorógra an Pápa Urban V 111 agus de réir bunreacht aspalda Pápa Leo X111, dearbhaíonn an t-údar nach n- iarrann sé ach barúil mheasta dhaonna ar na gníomhartha agus ar na grástaí ar a bhfuil a dtuairisc anseo, agus go ngéilleann sé de shíor agus gan agús do bhreith na hEaglaise Caitlicí.

AN DOIRSEOIR

Boniface Hanley, O.F.M. a chum
Siobhán Ní Shíthigh a d'aistrigh go Gaeilge

Bhí Barney Casey ar an roth is é ar a ghnáthchúrsa trí cheantar an chialaphoirt i Superior, Wisconsin nuair a stop sé go tobann. Bhí scata beag bailithe ar an iarnród agus bhíodar chomh dírithe sin ar a raibh os comhair a súl nár chualadar an trolaí.

Léim Barney agus a bheirt chriú ón gcarr agus ritheadar i dtreo an scata bhig, á mbrú fhéin isteach ina lár. Ar an iarnród bhí bean sínte agus í gonta go dona. Le scian a goineadh í, agus bhí an rith fola as na cneánna imithe ar fuaid a coirp. Bhí meisceoir de mháirnéalach os a cionn in airde ullamh chun í a shá arís. Sular éirigh leis tháinig na gardaí, thógadar an scian as a lámh agus ghabhadar é.

Baineadh preab uafásach as an bhfear óg cneasta an tráthnóna sin i bhFómhar na bliana 1891 agus tháinig sé ar chinneadh faoi rud a bhí á shuaithheadh le mí ach nár shocraigh sé go dtí sin. Bliain is fiche a bhí sé. Dhá lá ina dhiaidh sin thug sé cuairt ar shagart, An tAthair Sturm agus dúirt leis gur mhaith leis tabhairt fé chúrsa léinn don sagartóireacht.

AN CLÉIREACH

Faoi stiúr an Athar Sturm chuaigh Barney isteach i gcliarscoil Naomh Proinsias De Sales in Eanáir na bliana 1892 in Milwaukee. Ós rud é nár fhreastal sé ar mheánscoil bhí air a chuid staidéir a thosú le buachaillí trí bliana déag agus ceithre bliana déag. Pé ar bith é, chuaigh sé i dtaithe go tapaidh ar an staidéar, ar na paidreacha agus ar an

gcaitheamh aimsire sa chliarscoil. Nuair a bhí an cúrsa críochnaithe aige, ceithre bliana ina dhiaidh sin, glacadh leis sa Choláiste, áit gur éirigh leis caighdeán ar an méan C a bhaint amach, agus é sa dara háit déag i rang cúigear déag formhór na bliana. Ag deireadh na bliana, cibé ar bith, ní raibh na hollúna sásta agus léiríodar a ndíomá ós rud é gur theip air taightheadh cruinn a dhéanamh ar a chuid oibre agus machnamh a dhéanamh ar thoradh na fealsúnachta a bhí á staidéar aige. Bhí deacracht a dhóthain ag Barney teacht ar thuiscint na dtéacsleabhar agus ar an ábhar ranga. Mar sin, bhí taighde agus machnamh thar a chumas.

Bíodh is nár éirigh le Barney marcanna arda a bhaint amach, chuaigh a chineáltacht, a chneastacht, a shásacht agus a dhiagacht i gcion go mór ar a chomhscóláirí agus ar bhaill na Dáimhe. Bhain cinireacht leis go nádúrtha; bhí pearsantacht láidir aige, agus rian den cheannbánacht – rud a bhí soiléir nuair a dhiúltaigh sé aghaidh fidil a chaitheamh.

Bíodh is go raibh tréithe dearfacha ann, chinntigh údarais an choláiste é a dhíbirt, á bhriseadh ón gcúrsa toisc nach raibh siad sásta lena obair scolártha. Scaoileadh leis ag deireadh na céad bliana 1896. Bhí Barney cúig bliana is fiche ag an am sin, agus ghoill a theip go mór air. D'fhill sé go dubhach díomách ar a bhaile dúchais i Superiour.



Baisteadh máthair an tAth. Solanus, Eibhlín Ní Mhurchú, in Eaglais Naomh Muire, Co. Ard Mhacha, Tuaisceart Éireann, (thuas). Phós sí Bearnard Ó Cathasaigh in Eaglais Naomh Shéamais, Salem, Massachusetts (thíos)





Bearnard Ó Cathasaigh, a bhean chéile Eibhlín agus a iníon Eibhlín in aois a ceithre mbliana déag, timpeall na bliana 1878. Tháinig Eibhlín slán ón ndiftéire dhubh gur cailleadh beirt dá deirféaracha leis. Ní raibh sí ach bliain d'aois nuair a thug a tuismitheoirí cúl le Pennsylvania agus thosnaigh ag feirmeoireacht i bPrescott, Wisconsin. D'fhreastail siad ar Aifreann in Eaglais Naomh Iosaef i Prescott.



ÓIGE

Saolaíodh a bheirt thuistí, a athair (is uaidh a thóg sé a ainm) agus a mháthair, Eibhlín Eilís Ní Mhurchú, in Éirinn. Bhuaileadar le chéile ag picnic ar 4ú Iúil sa bhliain 1860 agus pósadh iad i Salem i nDeireadh Fómhair, 1863. Tar éis an chogaidh chathartha, bhog an lánúin go Pennsylvania agus ansin arís ar chomhairle deartháracha Eibhlín, Eoin agus Pádraig, bhogadar go Prescott, Wisconsin, áit ar thógadar bothóg trí sheomra le hadhmad coille, is radharc uaidh ar an Mississippi. I ndúthaigh seo na gceannró-daithe, thosaigh a athair, Bearnard Sinsear, ag tabhairt faoi fheirmeoireacht ar an ochtú acra a raibh teideal aige ón rialtas cónasctha air.

Saolaíodh cúigear dá sheisear déag clainne sa tigin adhmaid seo. D'oibrigh Bearnard, an t-athair, ó dhubb go dubh. Bhí an rath ar an bhfeirm. Saolaíodh Barney 25ú Samhain 1870 agus blianta ina dhiaidh sin dhein sé cur síos ar an dtigin mar dhídean rathúil is iad ag fás go neamhurchóideach, neamhsaolta.

Cosúil le gach aon cheannródaí bhí an clann sonasmhar bíodh is go rabhadar uaireanta i ndainséar. Bhí contúirt ar tinneall i bplánna lócaistí, stoirmeacha tornado, tinte prairie, triomach, nathracha nimhe, cait fhiáine agus breoiteachtaí forleatacha. Bhuaíl fiabhras do-aitheanta an t-athair uair agus chaill sé a radharc ar feadh coicise. Bhuaíl an difteire dhubb an chlann. Cailleadh beirt leanbh agus fágadh Barney óg le guth lag, tanaí, ardtionach. Chuir tinneas scornaí isteach air ar feadh blianta.

TRIMBELLE

Timpeall na bliana 1873, cheannaigh Bernard Sinsear feirm mhór thalún cóngarach d'abhainn an Trimbelle. Scríobh Barney níos déanaí, “ ‘Trimbelle’, cé chomh bunúsach, cé chomh pictúrtha, ó dheas uaidh na gleannta is na prairies ag

síneadh síos chun an Mississippi. Bhí talamh féaraigh maith ann do bheithigh chomh maith le fianna agus ainmhithe eile fiáine.”

Bhí bobcat fíochmhar ar cheann des na hainmhithe fiáine sin a thug faoi agus a ghoin madra caorach Barney, ar a nglaodar Rover. Rith Barney agus carraig ina lámh chun an madra a chosaint agus bhris sé cloigeann an chait. Mhair Rover ach chaith sé an chuid eile dá shaol ag teitheadh ó chait.

Gach aon Domhnach ghléas Bernard agus Ellen leath dá muirear in éadach Domhnaigh agus thiomáin iad go dtí an séipéal Chaitliceach ba ghiorra dóibh a bhí na mílte slí uathu. Ós rud é nach raibh acu ach an t-aon chapall amháin agus an t-aon vaigin amháin bhí orthu tinreamh an aifrinn a bhabhtáil; roinnt acu leis an máthair Domhnach amháin agus an chuid eile leis an athair an Domhnach ina dhiaidh.

I rith na n-óicheanta fada geimhridh, agus an ghaoth fhuar nimhneach ag glafarnach tríd na prairies, an sneachta ina chnocáin timpeall tí na feirme agus na scioból, bhíodh an chlann bailithe le chéile timpeall na tine agus Bernard agus Ellen ag insint scéalta agus eachtraithe ar Éirinn. Chuir canúint na dtuistí agus na scéalta iontas thar barr ar na leanaí. Ba mhinic Bernard freisin ag léamh filíochta Longfellow agus é á haithris go drámatúil, chomh maith le húrscéalta Walter Scott agus ‘The Deerslayer’ le James Fenimore Cooper. Ghlacadh gach aon leanbh páirt sa chaitheamh aimsire. D’fhoghlaim Barney conas an fhidil a sheinnt do na hócáidí seo. Gan é fós ullamh le bheith ina bhall den Minnesota Symphony, sheinneadh sé chomh dícheallach sin agus leis an oiread sin gliondair nach ndearna éinne gearán. D’fhéadfaí a rá gur sheinn sé go tútach.

Sa bhliain 1882 cheannaigh Bernard Casey feirm trí chéad agus daichead a cúig acra talún i Burkhardt,

Wisconsin. Bhí tigh le sé sheomra, dhá scioból, tigh mór oighir agus tigh ‘deep root’ ar an ngabháltas seo. Bhí iarnród ag gabháil tríd an ngabháltas freisin. Bhí ar chumas an Chathasaigh taisteal go St. Paul, Minnesota a bhí tríocha míle uathu laistigh de uair a’ chloig.

In aois a thrí mbliana déag ghlac Barney céad chomaoineach tar éis coicíse de staidéar crua fé stiúir an tAthair Tomás Ó Ceallaigh, sagart paróiste Eaglais Naomh Phádraig i Hudson a bhí gar dóibh. Níor chríochnaigh an buachaill óg an cúrsa léinn bunúsach go dtí gur shroich sé seacht mbliana déag. Tháinig dhá bhabhta triomaigh i ndiaidh a chéile agus b’éigean dó éirí as an scoláíocht i dtreo is go dtiocfadh an fheirm nua as an mbánú. Bhí air saothrú intinne a ghéilleadh do shaothrú na talún.

OB AIR

Go luath in Earrach na bliana 1886 agus ganntanas airgid sa teaghlach de dheasca teip na mbarraí, fuair Barney obair i gcampa adhmaid a bhí cóngarach dóibh. Níorbh aon dua don mbuachaill óg láidir seo dul i mbun na bíomaí móra a bhogadh chun na habhann agus síos chun na muilte adhmaid. Ag deireadh séasúir an chrann-ghearrtha, chas sé ar an mbaile chun filleadh ar an meánscoil agus cabhrú ar an bhfeirm. Ghnóthaigh sé dioplóma sa bhlian 1887, d’fhill sé ar Stillwater agus thosnaigh ar obair i gclós brící. Lá amháin dhearúd sé a lón a bhreith leis. Thairg a chomhoibrithe, Gearmánaigh iad uile, ceapaire cáise Limburger dó. Nuair a bhí sé ite aige, mar mhagadh chuireadar ceist air ar ith sé riamh an sórt sin cáis cheana. “Níor itheas” arsa Barney “ach is minic a shatalaíos air.”

Tráthnóntaí, dheánadh sé tréimhse oibre mar gharda i bpríosún Stillwater. Chuir sé aithne ar Tom agus Cole Younger, beirt a bhí in éineacht le Jesse James. Thaitin sé leo agus thug Cole trunca

éadaigh dó a choimeád sé ar feadh mórán blian.

Nuair a chuir Stillwater síos líne do thralaí leictreach, chuir Barney isteach ar obair air agus fuair post mar thiománaí. Bhí an t-ádh leis ach níorbh fhada uaidh an briseadh croí. Le linn na bliana deiridh a chaith sé ar scoil, thit sé i ngrá le Rebecca Tobin a bhí cúig bliana déag d’aois. Scríobh sé chuici go rialta agus thug cuairt uirthi aon uair go raibh deis aige. Nuair a fuair sé an post mar thiománaí, d’fhi-afraigh sé di an bpósadh sí é. Mheas a máthair go raibh sí ró-óg chun pósadh agus chuir sí i go scoil chónaithe i Saint Paul. Ní fhaca Barney riamh arís í.

AN CHLANN AG BOGADH

D’ainneoin an briseadh croí, ghlac Barney páirt ghníomhach sa saol sóisialta i Stillwater agus ina dhiaidh sin i Superior, baile inar aistrigh sé agus inar thóg sé post mar fhear mótaí le pá níos airde. Baile rachmasúil ab ea Superior agus bhí deiseanna nua le fáil ann. Bhí an oiread sin muiníne ag Barney sa todhchaí gur chur sé ina luí ar a athair an gabháltas i Burkhardt a dhíol, áit inar fhulaing sé ó bhabhtaí triomaigh, léigir feithidí agus teip barraí sna blianta 1887-1889, agus feirm déiríochta a thosú in aice le Superior. Sa bhlian 1891 dhíol Bearnard Sinsear an gabháltas i Burkhardt agus chuir suas tigh deich seomra don gclann in Superior. D’éirigh leis an aistriú agus bhí an rath ar na Cathasaigh.

Is go dtí an tigh seo a d’fhill Barney i samhradh na bliana 1896 tar éis dó teipeadh ag chliarscoil Naomh Prionnsias De Sales. Bhí a scornach nimhneach agus ag broidearnach le pian, Bhí sé in isle brí cé gur annamh leis a bheith i nduairceas.



I Stillwater, Minnesota, croílár mórtionscail an adhmaid; thuill Barney Ó Cathasaigh, buachaill cúig bliana déag d'aois, a bheatha ag scaoileadh na gcearchailí adhmaid a bhí i sáinn ar uisce agus ag coimeád na gcrann a bhí gearrtha ag gluaiseacht i dtreo na muilte adhmaid. Níos a dheireanaí arís d'oibhrigh sé i bPriosún Stillwater (thíos) mar gharda páirtaimseartha. De bharr a chneastacht meoin ba mhór é cion na bpríosúnach air.





Nuair a bunaíodh seirbhís carr sráide leictreach i Stillwater, fuair Barney post air mar thiománaí. Tar éis tamaill d'aistrigh sé go comhlucht nua in Appleton, Wisconsin. Ba mhinic é ag guí in Eaglais Naomh Iosaef, Appleton, (thíos) Níor bhuail an smaoineamh riamh é gur anseo a cheiliúrfadh sé a chéad Aifreann.





Ag aois a dó is fiche chuaigh Barney isteach i gcliarscoil cháiliúil Naomh Proinnsias De Sales i Milwaukee (thíos). Tar éis saothair a ghabh le feirmeoireacht, le leagadh crann, déanamh brící, le hobair phríosúin agus seirbhís mar thiománaí carr sráide bhraith sé go raibh a chúinne sa tsaoil bainte amach aige. Agus é deabhóideach óna óige bhraith sé suaimhneas thar an ngnáth i séipeal na cliarscoile(thuas).





Sa phictiúir seo ó 1895 (thuas) tá Barney Ó Cathasaigh ar chlé ar na céimeanna os comhair cliarscoil Naomh Proinsias le cuid de bhaill na dáimhe agus lena chomhcholáisteánaigh. Seasann Monsignor Joseph Rainer, Reachtaire na cliarscoile, ar chlé Uí Chathasaigh. Le linn na laethanta saoire chuaigh Barney (suite sa phóirse thíos) ar thuairisc a mhuintire ina bhfeirm déiríochta i Superior, Wisconsin.



NA CAIPISÍNIGH

Bhí Barney fós cinnte gurbh é mian an Tiarna go ndéanfadh sé a shaol a thiomnú dó. Chuaigh sé chun cainte le sagart Proinsiasach, an tAthair Eustace Vollmer. Mhol dámh chliarscoil Milwaukee dó, ag diúltú dó go béasach, b'fhéidir, dul isteach sna Caipisínigh. Chuaigh Barney ar cuairt chuig na Caipisínigh agus d'fhill abhaile le neamhshuim iontu; manaigh ab ea iad agus de réir rialacha a nOrd ag an am bhí féasóga móra fada orthu. Bhí a dhóthain den Ghearmáinis aige sa chliarscoil agus freisin ní raibh spéis dá laghad aige féasóg a bheith air.

Spreag an tAthair Eustace é a thuilleadh aithne a chur ar na Caipisínigh. Fear croíúil ab ea an tAthair Eustace agus fuair sé bonn argónta i scornach thinn Barney. “Barney” a chomharlaigh an Proinsiasach, “taitneoidh féasóg na gCaipisíneach leat. Beidh sé mar chosaint agat ar do scornach agus ar do bhróllach.”

Mar thoradh ar an spreagadh a dhein an tAthair Eustace air scríobh Barney go dtí na Caipisínigh agus tar éis tamall comhfhreagrais ghlac uachtarán an phroibhinse leis. Gan puinn muiníne as mar ghnó, dhein Barney nóibhéine mar ullmhúchán d'fhéile Ghiniúint Gan Smál na Maighdine 8ú Nollaig 1896. Le cead a oide faoistine, ghlac sé móid phríobháideach gheanmnaíochta. Tar éis dó an mhóid a ghlacadh, chuaigh sé ar a ghlúine ag paidreoireacht agus bhraith sé go daingean go raibh an Mhaighdean Mhuire taobh leis. Dúirt sé ina dhiaidh sin gur chuala sé go soiléir na focail “Téigh go Detroit”.

Bhí Nóibhíseacht na gCaipisíneach sa chathair sin. Oíche Nollag 1896 chuaigh Barney Casey, agus trunc Cole Younger aige, isteach i mainistir na gCaipisíneach i Detroit, Michigan.

LÁ DORCHA, GO FÍRINNEACH

Thug máistir na nóibhíseach trí sheachtain do Bharney chun paidreoireachta agus machnaimh roimh dhul isteach sa Nóibhíseacht. Thug an máistir dó freisin leabhar ina raibh riail na bProinsiasach agus dúirt dá dtiocfadh sé ar an dtuairim dul leo go nglacfaí leis go foirmeálta 14 Eanáir, 1897. Scríobh Barney an dáta seo sa leabhar agus chuir “Lá dorch, go fírinneach” lena ais.

Ar lá a ghlactha bhain Barney dó a chulaith éadaigh, a chasóg agus a bhróga agus chuir air aibíd thraidisiúnta na bProinsiasach agus na cuaráin agus ghlac sé an t-ainm Proinsias Solanus. B'é Naomh Proinsias Solanus (1549-1610) a phátrún - misinéir Spáinneach Proinsiasach a d'oibrigh i measc na nIndiach i réigiún na nAindéas i bPeiriú, i bParagua agus san Airgintín agus sheinneadh sé an veidhlín agus é ag seanmóireacht. Tugann Indiaigh na nAindéas urraim dó fós. An aibíd Phroinsiasach inar ghléas Solanus Casey féin is pas fós é in sna reigiúin is iargúlta i Mheiriceá Theas.

Bhí Solanus Casey, umhal, gealgháireach agus anois cinnte go raibh a áit sa saol sroichte aige mar Chaipisíneach.



Nuair a scaoileadh leis ó chliarscoil na deoise, chuaigh Barney Ó Cathasaigh i mbun comhairle An Athar Eustace Villmer, O.F.M. Is é trína chéile, sáraithe agus neamhchinnte maidir lena thodhchaí labhair sé leis an bProinsiasach cneasta ar bhuairt a chroí. Is é cinnte go raibh Dia ag glaoch ar an bhfear óg seo dul i mbun na beatha diaganta; níor cheadaigh an tAth. Eustace dó a bheith lagbhríoch in aon tslí. Mhol sé dó cur isteach ar na Caipisínigh Phroinsiasacha. Rinne an fear óg dá réir agus é mífhonnmar go maith.

Lean sé a chúrsa laethúil maidir le paidreacha, le hobair, le staidéir agus caitheamh aimsire agus a dhíograis ag treisiú gach lá. Dúirt páirtí nóibhíseach gur “dea- shampla mór an cúram a dhein sé de altóir an chóir, a chúram speisialta le linn a thréimse sa nóibhíseacht. Chaith sé ar a laghad leathuair a’ chloig ar an altóir shimplí seo a réiteach.” Ansin dúirt a pháirtí “go raibh sé dírithe go hiomlán ar an spioradáltacht. Sin an rud ná deirim riamh dearmad de”.

Tar éis bliain noibhíseachta, thug Solanus a chéad mhóideanna crábhaidh agus thosnaigh ag staidéar ar an bhfealsúnacht agus ar an ndiagacht. Arís eile bhí na téacsanna Laidine agus Gearmáinise mar bhac aige. Bhí ceist ar údarais na gCaipisíneach maidir lena chumas intleachta i gcomhair na sagartóireachta. D’iarradar air ráiteas a scríobh á dhearbhu go bhfanfadh sé sna Caipisínigh fiú muna bhfaigheadh sé na hOird Bheannaithe. Dhein sé de réir a dtola. Agus a fhadhb acadúil i gcúl a chinn aige, dúirt sé “Ní mian liom bheith im’ shagart má tá

m’uachtaráin ar an dtuairim nach bhfuilim cáilithe mo dhóthain.” Lean sé air “táim tar éis mé féin a thiomnú do Dhia gan aon choinníoll; dá bhrí sin fágaim, gan buairt, faoi na huachtaráin é go mbeartóidh siad maidir liomsa de réir mar a mheasann siad a bheith ceart os comhair Dé.”

ORDINIÚ

D’fhan dearcadh na n-uachtarán déchiallach go dtí am a oirnithe. Toisc nárbh fhéidir leo clár traenála na gCaipisíneach a chur in oiriúnt do mhalairt cúinsí, agus é bunaithe ar dhearcadh Gearmánach i leith spioradáltachta, oideachais, smachta agus gan aon fhothu cúl a thabhairt don Ghearmáinis, bhí na Caipisínigh faoi ghlas i gcóras go raibh an -deacracht ag na hiarrthóirí Meiricéanacha leis. Bhí na huachtaráin i ngleic le haincheist, fios acu go raibh buanna mórálachta den scoth ag Solanus d’ainneoin a lochtanna intleachta. Fé dheireadh, thugadar cead é a oirniú.

“Déanfaimid é a oirniú” a dúirt duine acu, “beidh sé mar An Cure d’Ars”

Oirníodh An Cure D'Ars, Naomh John Vianney, ina shagart biodh is go rabhthas amhrasach faoina chumas intleachtúil. Bhí a mhianach mhóralta chomh suntasach go ndearna a Easpag cinneadh é a oirniú agus é a fhágaint faoi Dhia.

Oirníodh Solanus ach gan cead aige seanmóir a thabhairt go foirmeálta ná sacraimint na haithrí a bhronnadh. Eisceacht ab ea é san Eaglais Chaitliceach - sagart a d'fhéadfadh Aifreann a rá ach nach bhféadfadh faoistine a éisteacht ná seanmóir a thabhairt. Marab ionann agus é bhí údarás ag an Cure D'Ars na dualgais seo a chomhlíonadh. Is léir an ioróin sa chinneadh dian seo ó fiú strachféachaint ar scríbhinní an Chathasaigh mar a bhfeictear go soiléir a eagna agus a thuiscint ar chroí an duine agus mar a dtaispeántar go raibh dhóthain intleachta aige chun dualgaisí na sagartóireachta a chomhlíonadh. Ón anailís a dhein saineolaithe ar a pheannaireacht tá siad ar an dtuairim go raibh IQ 135 ar a laghad aige, a dhóthain de réir aon chaighdeán don sagartóireacht.

Ghlac Solanus na hOird Naofa ar Iúil 1904. An Domhnach ina dhiaidh san cheiliúir sé a chéad Aifreann sol-lúnta. Don chéad uair in ocht mbliana bhuaíl sé lena mháthair. Thug a athair cuairt air agus é sna Caipisínigh i Milwaukee. “Dúradh liom,” a scríobh Solanus, “go raibh m'athair ag gol i rith an tsearmanais le barr áthais de bhrí gur bheannaigh Dia a chlann le sagart.

YONKERS

Tar éis a oirnithe chuir a uachtaráin an tAthair Solanus go Paróiste an Chroí Naofa i Yonkers, Nua-Eabhrac. Agus eolas ag an sagart paróiste ar na teorainneacha a

cuireadh ar a shagartóireacht bhí mearbhall air maidir leis an gcúram a chuirfeadh sé ar an mbráthair caoin cneasta seo. Faoi dheireadh cheap sé é mar shacraisteoir. Leis an gcúram seo ghlac an tAthair Solanus údarás mar oide spioradálta ar bhuachaillí na haltóra agus ar chuallacht na mBan.

Mar cheannasaí ar bhuachaillí na haltóra bhí sé ag plé le mic léinn méanscoile a bhí anamúil, aerach, ach san am gcéanna fonnmhar. Bhí sé chomh dáiríre sin maidir lena chúram go ndearna sé nóibhéine go Maighdean na Sior-Chabhrach le súil go bhfeabhsódh iompar na mbuachaillí. Bhí toradh thar na bearta ar a phaidreacha. “Sara raibh fhios agam,” a scríobh sé “thaispeáin gach aon bhuachaill go raibh sé díograiseach.”

Bhí cion agus meas ag na buachaillí air. Mheabhraigh duine acu “Tá cuimhní ceana agam ar an deam go rabhamar faoina údarás, mar shampla na turais bhliantúla do bhuachaillí na haltóra. Is cuimhin liom ar an ócáid seo go raibh orainn freastal ar aifreann agus guí go mbeadh turas slán againn go ceann scribe agus ar ais arís. Chuamar go Rockaway Beach, Ard-Eaglais Naomh Pádraig agus áiteanna eile mar sin ar na turais seo. Sara gca-saimis ar an mbaile cheannaíodh an tAthair Solanus (sóda) uachtar reoite dúinn. Ina dhiaidh sin stadaimis ag an séipéal ba chongaraí agus deirimis roinnt paidreacha chun turas sábhálta a bheith againn ag dul abhaile.”

DOIRSEOIR

Sa bhliain 1906, do cheap uachtarán nua Solanus mar dhoirseoir (póirtéir a ghlaotar air i mainistreacha). Gan mhoill, mheall a chneastacht agus a ghealgháire na paróistigh.

Bhíodar ag tnúth labhairt leis ar na nithe a bhí ag cur tinnis orthu, a n-aithreachas agus a bpeacaí. Ní fhéadfaidís a thuiscint conas nach bhféadfadh sé a bhfaoistíní a éisteacht. “Tá an oiread san grá ag an Athair Solanus do Dhia” a dhearbhaigh bean amháin, “nach féidir leis faoistin a éisteacht mar do ghoillfeadh sé rómhór air dá dtiocfadh sé ar an eolas go raibh a lán daoine agus Dia á ghortú acu.”

Bean óg, a chuaigh sna mná rialta níos déanaí, scríobh sí - “Ghlac sé le daoine pé staid ina rabhadar. Dá mba bhreoiré thú d’fhulaing sé leat. Bhí sé ana-thruachroíoch. Déarfadh sé cúpla focal leat agus bhíis ar do shuaimhneas. Dhéanfadh sé aon ní ar do shon.”

An ní a dhein sé thar aon ní eile ná gur thuigis go dearfa go raibh sé i dteagmháil le Dia.

“Dá dtarlódh aon ní as an tslí sa chomharsanacht”, ba chuimhin le bean eile, “deireadh daoine liom, ‘Imigh agus tabhair leat an sagart naofa’. Uair amháin chuas go dtí an tAthair Solanus agus dúrt leis go raibh máthair linbh i mbaol báis. Chomh luath agus a tháinig sé go dtí na tigh, bheannaigh sé an tigh le huisce coisricthe, ghuigh sé os cionn na mná agus bheannaigh í; ón uair sin amach tháinig feabhas ar an mbean, glanadh an aicíd agus mhair sí tamall fada ina dhiaidh sin.”

Ón am a ghlac sé cúram doirseora, bhraith na boicht agus an dream a bhí gan dídean gur leo an mhainistir. Dá mbeadh sé ag scuabadh cosáin agus go dtiocfadh duine a bhí i gcrúachás, chuirfeadh sé an scuab ar leataoibh; dhéanfadh sé an duine sin a threorú isteach go hoifig an doirseora agus thabharfadh dó babhla mór caifé agus

canta maith aráin agus ime. Fuair gach éinne, an leanbh gan tábhacht is an tseanbhean gan dídean, fáilte ghroíúil ó Sholanus.

MINISTÉIREACHT SA BHREIS

Do chuir sagart paróiste nua é i gceannas ar chumainn éagsúla eaglasta agus thug sin an chaoi dó labhairt le húdaráis an stiúrthóra. Dhein sé taighde agus ullmhúchán fíor-chúramach dá chainteanna. Chíor sé go mion seasamh na hEaglaise maidir le ceisteanna sóisialta, mórálta agus teagasc an chreidimh.

Thaispeáin sé gné dhaonna a phearsan is tharraing cion mhuintir Yonkers air. Níor chuir sé riamh ar leataoibh an aibíd, á caitheamh fiú agus é ag imirt baseball le foireann na meánscoile agus é á traenáil. D’fhoghlaim sé le linn a óige ar an bPrairie ná raibh ceannasaíocht maidir le maítheas ag aon reiligiún. Sara fada fuair Protastúnaigh, Giúdaigh agus aindiagaithe amach cé chomh caoin, cneasta agus greannmhar a bhí an Caipisíneach óg. Ba mhinic a fuair sé obair dá thréad inimirceach i measc agus le cabhair neamh-Chaitlicigh saibhre a thug urraim dó.

Ba Phroinsiasach firinneach é, bhí grá aige ní hamháin do mhuintir Yonkers ach don áilleacht nádúrtha sa réigiún freisin.

“Ní foláir”, a scríobh sé ag tagairt do Yonkers, “go bhfuil an radharc nádúrtha atá os comhair mo shúl, (nuair a chasaim mo cheann chun féachaint air) chomh breá le haon radharc fadó. Tá béal an Hudson ag glioscarnach mar loch airgid i bhfad uaim ag íor na spéire i measc na scamall.

Tháinig fíis Mheiriceanach chun rathúnais lá suaithinseach i bhfómhar na bliana 1913 nuair a rinne Eibhlín agus Bearnard Ó Cathasaigh ceiliuradh ar fhéile óir a bpósta i bhfochair a gceathar déag muirir. Chothaigh an fhís Bearnard agus Eibhlín trí bhlianta anró. Ag teitheadh ó ghorta in Éirinn le linn a n-óige, bhuaileadar lena chéile i Massachusetts mar ar phós siad, ina dhiaidh sin ag socrú síos i lár an iarthair mar ar thógadar clann agus iad i ngleic le cruatan agus annró na feirmeoireachta.

Agus é chomh dílis dá chlann is a bheadh uasalathair ón mBíobla thug Bearnard dea-shampla na hoibre, na misniúlachta agus na dílseachta dá chlann, Eibhlín, láidir agus



ciúin a chur cothromaíocht le staidéireacht Bhearnaird lena meon gealgháireach Éireannach. Ar an lá a tógadh an pictiúir seo bhí duine da gclann mac ag tagairt go rómansúil dos na laetha tosaigh a chaitheadar ar mhachairi Wisconsin . " Ó nár bhreá liom dul thar n-ais ann ",ar sé."Buíochas le Dia", arsa Eibhlín , "go bhfuil sé thart".

As an seisear déag clainne ,cailleadh beirt ina n-óige de dheasca fiabhrais iargúile. An ceathrar déag ata thíos , bhíodar den bpóir a chur le rachmas na Stáit Aontaithe mar dhliadóirí,lucht gnó agus mar shagairt. Phós an ceathrar iníon agus thógadar a gclann fein. Thóg Bernard agus Eibhlín a gclann go dea-mhúinte. "Cinnté", a scríobh Solanus ,atá ar an té is cáiliúla dá gclann, "bhí an t-ádhdh orainne mar pháistí gur thug Dia dúinn a leithéid de thuismitheoirí a bhí , láidir,macánta agus suáilceach.



Bhí mé chun 'le sléibhte, le gleannta, le héacht an duine idir eatarthu a rá', ach cad is fiú an nádúr i solas an osnádúir - á , a fhoshraith!"

Ar 16 Iúil 1918, tar éis cheithre bliana déag a bheith caite aige i bparóiste an Chroí Naofa, aistríodh Solanus go Paróiste(na gCaipisíneach) Mhaighdean na nDólás ar Shráid Pitt in íochtar Manhattan.

MANHATTAN

Ar Shráid Pitt thug a uachtarán nua scóp níos mó dó chun sean-móireachta agus do scar é ó chúram doirseora. Chaith Solanus an t-am saor a bhí aige ag déanamh staidéir ar na scríbhinní diaga. Bhí sé le tuiscint óna sheanmóireacht gur chuaigh an Briathar Naofa go doimhin ina chroí agus ina aigne. D'ainneoin a ghuth a bheith truailithe níorbh fhada gurbh é an cainteoir ba rogha leis an bpobal. Ní i gcónaí a ghlac sé go maith leis na focail mholta a thugtaí dó. "Lig mé orm nár thug mé faoi ndeara áilleacht agus feabhas mo sheanmóra inné" a scríobh sé ina dhialann.

Sa dialann chéanna bhreac sé síos cé chomh crua a bhí a chroí i leith na mbocht a tháinig ina threo ag lorg cabhrach. "Dhiúltaigh mé cúig cent uair agus dhá cent uair eile."

FÍOR-DHOIRCHEACHT DHOIMHIN

I dtús Samhradh na bliana 1921, bhuailead morgadh ceann dá chosa. In ospidéal Naomh Prionsias i Sráid Thoir 142, cuireadh é fé scian an dochtúra mar leigheas. Thug Solanus, i litir go dtína dheirfiúr, tuairisc ar conas a bhí nuair a chaill sé aithne agus urlabhra fén anaestéise. "Ar

chlos, ó Ospidéal Naomh Iosaef (dóibh siúd le heitinn) trasna na sráide, clog an Aingil" a scríobh sé, "Dúirt mé, 'Féach, déantar liom de réir do thola Naofa. Leis an ngéilleadh seo, thána go fiordhoirceacht agus bás. Ní féidir a shamhlú cé chomh gairid is a mhair an bás sin. Le tapúlacht leictreach bhris an clampar. A leithéid de shuaimhneas."

Shabháil na dochtúirí a chos.

HARLEM

Deireadh Fómhair, 1921, chuaigh Solanus go mainistir Chaipisíneach Muire Banríon Na nAingeal i Harlem, Nua-Eabhrac. Arís eile, d'fhill sé ar chúram doirseora. Agus arís eile leath a chlú ar fud na comharsanachta mar fhear leighis ar gach aon gné de thinneas coirp, aigne agus spioraid. Lean sé na córais a chleacht sé i Yonkers agus é ag tabhairt comhairle in oifig an doirseora. Nuair a chuaigh daoine ina mhuinín lena dtrioblóidí, dhein sé miondealú go cneasta ar a riocht spioradálta agus corpartha, go minic ag nochtadh bunrúta an tinnis. Ba mhinic a thug sé chun solais go raibh foinse a mhalairt ar fad ag an trioblóid seachas mar a mheas an duine féin.

Ba ghnáth leis labhairt ar mhaithneas Dé agus ar an riachtanas a bheith buíoch roimh ré do Dhia toisc go bhfuil sé chomh cumhachtach sin ag oibriú inár gcroí. Mhol sé gur chóir do dhuine bheith buíoch sara bhfaigheadh sé freagra ar pé intinn a bhí aige. Mhol sé dóibh siúd a tháinig chuige gníomh carthanachta a dhéanamh, mar shampla dul ar rolla chompántas Aifreann Sarafach nó gníomh trócaireach a dhéanamh go spioradálta nó go corpartha.



Tar éis a oirnithe cuireadh an tAth. Solanus ar a chéad chúram go Paróiste agus Mainistir An Chroí Ró-Naofa i Yonkers, Nua-Eabhrach. Mar shacraisteoir, i measc a chúraimí bhí an sacraistí (thíos). Is i Mainistir Muire Banríon na nAingeal i Harlem i gcathair Nua-Eabhrac a thosaigh a chúram mar dhoirseoir go lánaimseartha.



Bhí sé lándeimhnitheach den dea-thoil atá ag Dia dúinn i ngach aon ní agus é lánchinnte gur chóir dúinn buíochas a ghabháil leis don ghrá atá aige dúinn sula ndéanaimid aon iarratas air agus go cinnte sula bhfaighimid aon fhreagra uaidh. Spreag Solanus na daoine a tháinig chuige gníomhartha carthanachta a dhéanamh dá gcomharsain in ainm Dé. “Séard a bheidh ann” a chomhairligh sé, “comhartha do chreidimh sa ní lena bhfuil súil agat ..”

Cuireann litir go cliant solas ar an tslí inar thug sé fé – “Scríobhann iníon Rós Faris, cara dod iníon Jenny, chugam go bhfuil Jenny an-lag le polio agus iarrann paidreacha más é toil naofa Dé é go dtiocfadh feabhas uirthi. Táim ag cur Jenny ar rolla chompántas an Aifrinne Sarafaigh agus beidh páirt aici i bpaidreacha na gcéadta míle duine. Iarrtar ar bhaill an chompántais seo guí ar son na Misean agus a gcuid oibre agus dóibh féin. Na baill sin, gan amhras, atá in ann guí. Freisin iarrtar orthu san atá in acmhainn ofráil de shórt éigin a dhéanamh do na Misin, seachas paidreacha agus aifrinne. Táim cinnte go gcaibróidh seo le do Jenny. Cabhróidh seo go mór má dhéanann tusa agus do mhuintir bhur bpáirt.”

AN LEABHAR NÓTAÍ

I bhFómhar na bliana 1923 d'iarr Cúigíoch na gCaipisíneach ar an tAthair Solanus leabhar nótaí a bhreacadh le tuairiscí ar na cásanna fé leith agus ar na leigheasanna a tharla de bharr na comhairle a chur sé ar dhaoine. Rinne Solanus amhlaidh, agus scríobh sé ar chéad leathanach an leabhair nótaí, ‘Notaí ar chásanna speisialta, Samhain 1923’. Chuir sé leis, ‘Samhain 8: Inniu níl cuartú ceadaithe. Is mian

leis an tAthair Cúigíoch nótaí a bhreacadh ar ghrástaí speisialta faighte trí chompántas an Aifrinne Sharafaigh.’ Sul ar scríobh sé ar aon leigheasanna, bhreac sé na focail ‘Deo Gratias, Buíochas le Dia’.

De réir mar a shleamhnaigh na blianta, líon Solanus seacht leabhar nótaí leis na leigheasanna ar a bhfuair sé a dtuairisc. Séard atá sna nótaí ná catalóg ar mhairg an duine daonna agus ar a chaithréim. Baineann an chéad cheann, samplach maidir lena mílte eile, le Marge Quinn, ar an 26u Deireadh Fómhair a chuir ainm a comharsan Mr. Maughan ar an rolla, ag iarraidh saoirse dó ó dheochanna meisciúla agus ón bhfeirg dá dheasca, chomh maith le hainm a deirféar, is í ag lorg faoisimh ó dhathacha géara, agus tá trácht ann ar fheabhsú iontach ar a comharsa agus ar litir óna deirfiúr, a deir, “Buíochas le Dia agus le paidreacha maithe an Chompántais, táim ar fheabhas.”

Scríobh sé ar phaidreacha a lorg grásta don bheatha dhiaga agus don mhisneach glacadh leis; do síobhshiúlóirí a buailleadh agus a gortaíodh go dona; bean go raibh a fear céile leagtha le dhá stróc; déagóir sé bliana déag ar iarraidh agus a fuarthas tar éis a bheith lá ar rolla an chompántais; duine eile le galar néaróg. Ba iad seo na hachainíocha a bhreac Solanus le linn a chéad mhí ina leabhar nótaí.

Laistigh de bhliain, bhí daoine ag teacht ó Chonnecticut agus ó New Jersey chun cuairt a thabhairt ar an gCaipisíneach umhal i Harlem. In Eanáir 1922, nuair a rinne Solanus céiliúradh ar a chúig bliana is fiche san Ord, bhreac scríobhaí na gCaipisíneach; “Tháinig slua mór de dhaoine Nua-Eabhrac go dtí an céiliúradh.”

CATHAIR NA NGLUAISTEAN

I Lúnasa 1924, aistríodh Solanus agus cúram doirseora air go mainistir Naomh Bonaventure i Detroit, ceannáras Chúige Naomh Iósaeaf de na Caipisínigh sna Stáit Aontaithe.

Lean sé de bheith ag breacadh sa leabhar nótaí de réir mar a bhain daoine amach é. Scríobh sé ‘Clara Bean Kowalski. Ar 18ú Lúnasa, í an-bhuartha ar eagla go socródh toradh x-ghathú go mbeadh obráid aici ar chnámh mharbh ina cluais. Téann sí ar rolla an Aifrin Sarafaigh. Inniu Lúnasa 30, deir sí nár thaispeáin an x-ghathú aon ní go fóill. I Meán Fómhair tá an chontúirt ag dul ar gcúl... cuma níos sláintiúla ag teacht uirthi. Faoi Samhain 1, 1925, leighiste go hiomlán. Buíochas le Dia.’

Bhí na tuairiscí ag éirí líonmhar: cásanna dlí socraithe go síochánta; mic léinn ag feabhsú ó ghalair nearógacha; diaibéiteas leighiste; féinmharú curtha ar ceal; daoine ag fillleadh ar a gcreideamh.

Ar an 29ú Nollaig 1924, scríobh Solanus: ‘Benedict Morritt, daichead is a ceathair, athair beirt leanbh, bhí sé imithe coicís óna chlann ón 24ú Nollaig. Chuir a dheartháir a ainm ar an rolla ar feadh bliana. Tar éis dhá lá tháinig Benedict abhaile ag gol is ag gáire. Nuair a ceistíodh é ar cad a tharla, d’fhreagair sé ‘Ná cuirigí aon cheist orm le bhur dtoil’”.

Níor éirigh le gach cás ar a bhfuil a dtuairisc. ‘Nollaig 29’ a bhreac sé, ‘Louis de Simeres, 39, nimh thíofóideach, tugtha suas ag dochtúirí agus cheana féin a chairde á chaoineadh. Ar an rolla don dara uair an tseachtain seo. Cailleadh go suaimhneach.’

CLÁRÚ CHEVROLET

I Márta na bliana 1925, chuaigh tionscal na ngluaisteán ar gcúl. Faoi

Nollaig bhí gach monarcha i Detroit dúnta. De réir mar a d’imigh an geimhreadh d’oscail cuid de na monarchana lá nó dhó sa tseachtain. Bhí Chevrolet, fathach mór Detroit, tosaithe go rúnda ar imeachtaí cliúnais. Ba mhór é scanradh croí an lucht oibre agus a dteaghlach.

Thug John McKenna, oibrí le Chevrolet, cuairt ar an Athair Solanus. “N’fheadar cad a dhéanfaidh mé, táim i bponc” a dúirt sé agus é ag osnaíl, “Toisc a laghad oibre is atá agam ní féidir liom mo bhean agus mo chlann a chothú. Ní raibh lá iomlán agam le coicís. Inniu ní raibh agam ach dhá uair a chloig.” Go hobann, labhair McKenna leis an sagart “Cláraigh an comhlacht, cláraigh Chevrolet”

“Seo rud nua” a d’fhreagair an tAthair Solanus. Ina dhiadh sin i litir do bhreac sé síos mar a mhothaigh sé féin ag an am i leith na hachainí, “Má chabhraíonn aon aifreann amháin” a mheas sé, “le haon chúis atá ceart is cóir, conas ná féadfadh cúig chéad aifreann laethúil i gcomhcheangal leis na misin bheannaithe thar lear, conas nach bhféadfaidís cabhrú”.

“Tá go maith, a Shéain” ar sé “cláróidh mé iad”.

D’fhreagair McKenna “tabharfadsa caoga cent le haghaidh an chláraithe.” Ag an am sin b’shin an gnáth stipinn don Aifreann Sarafach.

Tháinig McKenna ar ais dhá oíche ina dhiadh sin, a ghéaga san aer aige. “A Athair” ar sé “bhí ragobair againn inné agus inniu agus chualamar tráthnóna go bhfuil ordú ag an gcomhlacht do dhaichead is a cúig míle gluaisteán a dhéanamh faoi cheann tríocha lá.”

Bhí Solanus ar an dtuairim gur thartháil McKenna Chevrolet ó chlisiúnas de bharr gur chláraigh sé an comhlacht i gcompántas an Aifrin Sharafaigh.

AN COMHAIRLEOIR

Polaiticeoirí, préaláidí, lucht sráide, bochtáin, lucht dóláis, lucht fulaingthe, an lag ó spiorad, comhchumannaigh, peacaigh, lán mara den fhulaingt dhaonna, líon siad isteach in oifig bhig an Chathasaigh. Iad ar fad; ón mBráthair Andre ó Montreal (ar a nglaoigh an Eaglais “beannaithe” le déanaí) fiú maor Detroit Frank Ó Murchú, a bhí níos a dhéanaí mar gheobharnóir ar Michigan agus ansin mar ghiúistís ar Chúirt Uachtarach na Stát Aontaithe, iad ar fad ag feitheamh a dturas, suite ar chathaoireacha miotail lasmuigh den oifig. Cuireadh an fháilte mhórchríoch chéanna rompu go léir. Thug sé dúshlán dóibh a gcreideamh a nochtadh. Scaoil sé uaidh gach éinne le hathnuachan agus le hathbheochan spioraid.

Bhí fáil ar an Athair Solanus gach aon nóiméad den lá. Tar éis lóin sa mhainistir ba mhinic a bhíodh sé ag imirt billeardaí leis na bráithre eile. “Ba mhinic,” a dúirt bráthair is é ag cuimhneamh siar “is greim aige ar chleatóg, go mbuailfeadh an clog. Níor thaispeáin sé riamh aon rian de mhífhoighne. Ón am a fuair sé an glaoch sin bhí a fhios againn go léir nach bhféadfadh sé a oifig go ham suipéir.”

Bhí toradh ar an síorshaothar seo. Uaireanta, is é chomh traochta sin, théadh sé agus luíodh sé ar an dtaalamh i gcúinne dá oifig chun snap codlata a dhéanamh. Is mar seo ba chuimhin le duine eile dá bhráithre: “Théinn isteach sa séipéal ag meán oíche nó ag a haon ar maidin agus gan amhras bhíodh Solanus ann lena veidhlín agus é os comhair na Naomh-Shacraiminte. Uaireanta eile, nuair a mheasainn go rabhas im aonar sa

séipéal gan choinne sheasadh duine laistiar dem shuíochán. Solanus a bhíodh ann agus é ag miongháire. Bhíodh snap codlata glactha aige tar éis lae chrua.”


TRÁTHNÓNTA CÉADAoine

Ar an gCéadaoin, stiúraigh Solanus deabhóidí speisialta do na heasláin. Bean agus amhras uirthi faoi na leigheasanna ar a tuairiscíodh, scríobh sí - “Chuas trí sheachtaine déag go dtí na deabhóidí, níor chreid mé go bhféadfadh an tAthair Solanus éinne a leigheas. Chonac mé Raibí lena chaipín, féasóg fhada air agus cána trom aige. Thagadh sé gach seachtain. Anois bhí creideamh ag an Raibí agus bhí mise lán d’amhras. Ach nuair a chonac an Raibí ag siúl amach gan a chána, chreid mé ansan.”

TOBTHITIM ’29

Nuair a thit an bhrí as an stocmhargadh sa bhliain 1929, bhí Detroit mar a bheadh sí fuar marbh. Mhéadaigh ar líon na mbochtán a thagadh le haghaidh dinnéir gach lá go dtí na Caipisínigh. Mhéadaigh ar a líon ó chéad duine sa ló go dhá chéad nó trí chéad sa ló. Leathnaigh na Caipisínigh a seirbhísí bia chun freastal ar an tonn nua de lucht an ocras. Ghlac an triú ord de na Caipisínigh cúram na cistine ar cuireadh leis go mór. Luigh Solanus amach ar an obair. Lorg sé déirc ar shuibhir is ar dhaibhir. Ghríosáigh sé a chuairteoirí cabhrú le cistin an tsúip mar “chomhartha ar dhóchas a gcreidimh.”

Chun tacú leis an lucht oibre deonach, bhain sé úsáid as a shlite féin chun breis oibríteoirí a fháil.



Ar feadh bliain is fiche ó 1924 go 1945 d'fhreastal an tAth. Solanus mar dhoirseoir i mainistir Naomh Bonaventure i nDetroit (thíos). San oifig bheag a bhí aige, chaith sé tamaill fhada ag cur comhairle ar na sluaite a bhí ag teacht chuige gan stop. Nuair a chaill a lán oibrithe sa tionscal gluaisteán a bpostanna i rith cúlu eacnamaíochta i lár geimhridh, chláraigh sé Chevrolet i gcompántas an Aifrinn Sarafaigh; thosnaigh na línte coimeála (thuas) ag rith an lá dár gcionn.



Ba chuimhin le Arthur Rutledge, fear dóiteáin i Detroit, is é ar fháithmheas le sceachaill bhoilg. Agus giollaí á thionlacan go dtí an obráidlann, bhí an tAthair Solanus ag gabháil thar bráid agus d'aithin sé é “Cad-tá siad chun a dhéanamh leat, a Airt?,” a d’fhiafraigh sé.

“Deir siad go bhfuil sceachaill ionam agus táid chun mé a chur fé scian” arsa Art

“Cá bhfuil an sceachaill?” arsa Solanus.

“Im’ bholg.” arsa Art.

Ba chuimhin le Art Rutledge gur chuir an sagart a lámh ar a bholg agus dúirt, “Cuir iachall orthu scrúdú eile a dhéanamh ort sula ndéanfaidh siad an obráid.” Thaispeáin an scrúdú a rinneadh ina dhiaidh sin nach raibh aon rian den sceachaill ann. An lá dár gcionn d’fhág Rutledge an t-ospidéal agus d’fhill ar an dteach dóiteáin. Mhol Solanus dó roinnt oibre a dhéanamh istóiche sa chistin shúip. Níor tháinig an sceachaill riamh thar n-ais.

AG TIOMÁINT FAOIN DTUATH

Théadh Solanus isteach i mbruachbailte Detroit agus lasmuigh dóibh agus é ag lorg feola agus glasraí don súp. Ba chuimhin le hógthiománaí deonach lá agus iad ag druidim le tábhairne ar imeall na cathrach go ndúirt an sagart “Stadaimis anseo. Tá fear ann atá an-mhaith dár mainistir”.

“Chuamar isteach”, a dúirt an tiománaí. D’eitigh an tAthair Solanus suí chun boird, is amhlaidh a shuigh sé ag an gcuntar.

“Bhí na fir ar fad ag féachaint ar Sholanus agus ar a fhéasóg agus é ag ól gloine beorach agus ag caint mar aon ghnáthfhear. Agus sin ag fágaint

thug an t-úinéir rud éigint dó. Níl a fhios agam céard a bhí ann; b’fhéidir gur sheic é. D’fhreagair Solanus é ag rá ‘Ó, níor tháinig mé anseo chuige sin, tháinig mé don mbeoir. Tá beoir an-mhaith agat agus áit dheas agat anseo.’”

BREOITEACHT

Choiméad Solanus go fíorchúramach leis an gclár ama a bhí aige ar feadh ocht mbliana déag i mainistir Detroit. I Meán Fómhair 1942 agus é seachtó dó bliain d’aois, eachma in ainseal ar a chosa agus fiabhras ard air, d’ordaigh uachtarán an oird é chun ospidéil. Rinne na húdaráis cinsireacht dian ar chuariteoirí, thug san an sos dó go raibh dianghá aige leis chomh maith leis an gcaoi chun urnaí. “Mheas mé féin” a dúirt sé, “gurbh é an deich lá den bpíonós ab fhearr a ghabh an peacach bocht Solanus riamh tríd”. “Dá bhrí sin toisc gur trí ghrásta Dé go raibh sé in ann gabháil tríd gan ghearán agus gur mhair sé, is cúis molta Dé é an cúram ar fad.”

Nuair a thug na dochtúirí cead dó Aifreann a rá, scríobh sé: “Tá an tseanchos fós dolúbtha, ach má choimeádaim in airde é agus gan é a oibriú tagann laghdú mór ar an bpian...tá sé agam ar an leaba anois ach éirim mífhoighneach im’ shuí gan corraí. Ní gá a rá le héinne atá os cionn trí fichid go n-éiríonn na cosa leochaileach.”

DEABHÓID DO MHUIRE

Go luath ina shaol mar bhráthair, chuir Solanus spéis thar na bearta i mbeathaisnéis na Maighdine Muire, le Mary Agreda (1602-1650), mis-teach Spáinneach.



Chuir Cúlú Mór Eacnamaíochta na dTríochaidí na mílte daoine amach ar shráideanna Detroit. Do chuir Caipisínigh na cathrach san a n-acmhainní ar fad ag oibriú chun bia a sholáthar dóibh siúd a bhí ocrach. B'aoibhinn leis an tAth. Solanus (thuas ar chlé) an obair seo. Chuaigh sé amach ag lorg déirce--bia agus airgead, chun cabhrú leo siúd a bhíodh ag feitheamh go foighneach i gcóir dinnéir i mbialann na gCaipisíneach.



Mhaígh sí gur thug an Mhaighdean Mhuire an t-eolas di go díreach don chuntas a líon ceithre imleabhar. Ba mhór an sólas agus an compord a fuair Solanus ón mbeathaisnéis agus ba mhinic a mhol sé é dá lucht leanúna. Bhuaileadh bhóidíní Mháire Agreda gach deireadh seachtaine lena chéile in Eaglais Mháltach Naomh Pól mar a raibh Solanus páirteach sa mhinistreacht. Bíodh is go raibh meas mór ag an sagart paróiste, An tAthair Cefai, ar Sholanus, ní raibh puinn spéise aige i bhóidíní Mary Agreda. Mheas sé go raibh a ndíograis áiféiseach. Thugaidís piotail bláthanna go dtí Solanus le beannú agus deiridís go bhfeicidís i ndiaidh an bheannaithe san deilbh Chríost ar na piotail. Chuir an tAthair Cefai ón séipéal iad. Ina dhiaidh sin, chruinnidís i dtigh príobháideach.

Ní raibh cúigíoch an oird, an tAthair Theodosius Foley, sásta ach an oiread leis an mbuíon agus thug sé ordú do Sholanus gan dul go dtí a thuilleadh cruinnithe. D'iarr Solanus (duine ab ea é a chosain an té a bhí thíos) air an tarna smaoineamh a dhéanamh, dar leis go raibh a bhreith i gcoinnibh na ndaoine maithse seo ródhian. Lagaíodh éileamh Solanus nuair a rinne oifig ardeaspaig Detroit gearán go hoifigiúil lena chúigíoch nár chóir go mbeadh Solanus ag cur díolachán na gceithre imleabhar daora de bheathaisnéis Mary Agreda chun cinn. Bíodh is nár ghlac Solanus le pingin riamh ón díolachán thug an oifig ordú dó éirí as.

Roinnt seachtainí i ndiaidh ordú an Athair Foley cuireadh ceangal nua ar Sholanus - aistríodh é ó Detroit go Brooklyn - á thógaint ón gclampar a lean Mary Agreda. Chomh maith leis



An tAth. Solanus ag paidreoireacht ag uaimh mhaisithe na Maighdine i ngairdín na mainistreach i Detroit.

sin, chinn a Chúigíoch sos a thabhairt dó mar mheas sé go raibh a shláinte rólag do na héilithe go léir a bhain lena mhinistreacht agus bhí sé anois in aois a cúig mbliana déag is trí fichid. Bhí meascán mearaí agus fearg ar phobal Detroit. Dúirt a lán daoine gur dó ba mhó cion mhuintir na cathrach.

BROOKLYN

In Iúil 1945, thóg an tAthair Solanus cúram doirseora i Mainistir Naomh Mhichíl in oirthear Nua-Eabhrac. Leath a chlú agus sara fada bhí sé á thraochadh féin fé mar a bhí i Detroit.

SIAR CHUN AN IARTHAIR

Laistigh de bhliain ón lá a aistríodh é go Brooklyn, thuig uachtaráin Sholanus nach bhféadfadh an seanbráthair a scíth a ligean in aon mhainistir i gcathair mhór.

In Aibreán 1946 chuireadar é go Nóibhíseacht Naomh Felix in Huntingdon, Indiana, i lár na tuaithe.

Bhí síochán agus suaimhneas ag Solanus san áit álainn seo. Shiúlaíodh sé an sealúchas mór, ag gabháil tríd na húllghoirt, na garraithe agus na coillte lúbacha. Agus é mar chúntóir ag beachaire, sheinneadh sé an harmonica agus chanadh chun na beacha a choimeád ag obair go síoch. D'imríodh sé leadóg agus eitleog leis na nóibhísigh agus de ghnáth is ag rith a théadh sé suas staighre. Thaitin hotdogs leis, sauerkraut agus fion maith agus leanadh sé foireann na Detroit Tigers sa baseball go dílis.

Níor chaill sé riamh a thréithe Gaelacha, greann géar, ceanndáine, agus dílseacht.

Bhí ardmheas aige ar an tAthair Charles E. Coughlin; thug tacaíocht don seanadóir Joe McCarthy agus bhí sé buartha go raibh Meiriceá ag sleamhnú in ábharachas agus in aindiachas.

“ I laethanta seo na fionnachtana adamhaí” a scríobh sé “ tá an chuma air go bhfuil Dia ag ceadú do fhir gan chreideamh a bheith ag ullmhú tinte lasracha nimhneacha a bhronnfaidh sé ar a aingil fhraochmhara mar arm in aghaidh glúine atá drúiseach, dúshlánach, aindiach...”sé cuspóir an duine mar chréatúr réasúnta ná aithne a chur ar a Chruthaitheoir, i dtreo is go mbeidh ar a chumas é á ghráú le barr tuisceana, muinín a chur ann le barr dóchais, agus freastal air le barr buíochais.”

Ba chuma le Solanus cén creideamh nó easpa creidimh a bhí ag lucht a thóiríochta-Caitliceach, nó Protastúnach, Giúdach nó aindiachaí; leigheasann an Spiorad Naomh, a chreid sé, trí Chríost.



Nuair a d'éirigh an tAth. Solanus as a chúramaí a glacadh an pictiúr seo, é ag siúl trasna gairdín na mainistreach i Huntington, Indiana. Chuir a uachtaráin ann é i dtreo is go bhfaigheadh sé suaimhneas ós na sluaite a bhíodh ag lorg a chomhairle. Pé ar bith, leanadar é agus ba mhinic lánbhus daoibh ag teacht ó Detroit. Chuir sé uaidh comhfhreagras a shroich go minic dhá chéad litir sa ló.

Thug breitheamh Caitliceach dochtúir Giúdach ar thuairisc Solanus lá. Bhí mac an dochtúra ag fáil bháis de mhiningitis sa chnámh droma.

“Tuigim gur Giúdach tú” arsa Solanus leis.

“Sea” arsa an dochtúir.

“Tá sin ceart go leor, a dhochtúir. Tar éis an tsaoil, más féidir creideamh a mhíniú mar eolaíocht agus creidimse gurb é gan dabht an eolaíocht is airde d’aon ré ama – de bhrí gurbh eolaíocht é den ghaol sonasmhar atá againn le Dia agus lenár gcomharsana – mar sin ní féidir ach aon chreideamh amháin a bheith ann, bíodh is go bhfuil na mílte córas creidimh.”

Nuair a bhí an comhrá thart, d’fhill an dochtúir agus an breitheamh ar an ospidéal. Bhuaill máthair an bhuachalla leo ag an doras. “Ar a leath uair tar éis a haon san iarnóin,” a d’eachtraigh sí, “d’oscail ár mac a shúile agus bhí miongháire air chugam.” B’shin an t-am díreach a bhí an dochtúir agus an breitheamh ag caint le Solanus. Tar éis seachtaine, d’fhill an buachaill abhaile agus é i mbarr a shláinte.

SCRÍOBHNÓIR LITREACHA

Le linn na mblianta a chaith Solanus i Huntingdon, scríobh sé na céadta litreacha ag míniú a dhearcadh ar an saol agus a thaithí phearsanta ar Dhia. Thosaigh na litreacha óna chliantacht ag teacht go hannamh ar dtús ach sara fada ag méadú go dhá chéad agus trí chéad sa ló. Chuir an Cúigíoch sraith cléireach chuige a chabhraigh an sruth comhfheagraí a choimeád sa tsiúl. Agus é i lár a hochtóidí bhí sé beagnach dodhéanta dó na litreacha a shíniú de bharr dathacha ina lámha, mar sin fuair na cléirigh stampa

ruibéir dá shíniúcháin. Arís agus arís eile, ina litreacha, rinne sé athrá ar an teachtaireacht a bhí aige le linn a shaoil – gur muinín i nDia anam an phaidir agus gur ar an gcoinníoll seo a tharlaíonn idirghabháil osnádúrtha inár saol. “Toilíonn Dia ár gcomhachtaí a úsáid chomh fada is ná loitimídne a phleananna lenár bpleananna féin” ba mhínic a scríobh sé.

Leath a mhuinín fiú go dtí na hachainíocha a raibh de chuma orthu gur theip an guí ar son leighis nó ratha. Scríobh sé i litir: “Bhí mé sásta a chlos fé do fhábhar ar an 9ú lá, bíodh is ná bhfuil sé chomh geal sa tslí gur mhaith linn go léir é a fheiscint. Bíodh san mar atá, is féarr fios ag Dia. Agus sinn fós i muinín freagraí fábhara níl féidir linn rud níos fearr a dhéanamh ná glacadh le toil Dé agus fiú roimh ré buíochas a ghabháil leis ar son a bheartaithe ghrámhair thrócairigh.”

DAOINE Á CHUAIRTIÚ

Tamall tar éis a theacht go Huntingdon, chuaigh an scéala amach go raibh Solanus ann. De réir a chéile mhéadaigh uimhreacha na gcuairteoirí ón gcéad gcúpla duine go dtí na sluaite. Gach Domhnach, thagadh busanna agus iad lán de dhaoine. Scríobhadh mar gheall air – “Tá an tAthair Solanus chomh gnóthach is a bhí riamh ag tabhairt sólais do na daoine go léir a thagann chuige. Bíodh is go dtagann a lán chuige gach aon lá, is eiseamláir agus fianaise é ar dhílseacht a chleachtaithe creidimh.”

DROCH BHREOITEACTH

Bhí miongháire grámhar Gaelach ar aghaidh Sholanus ach fear é a bhí i reachtaibh pianta uafásacha.



Ceann de na pictiúir dheireanacha den Ath. Solanus

Ar ádhmhaidin le linn seasúr na Nollag, nuair a mheas sé go raibh a bhráithre Caipisíneacha ina gcodladh, sheinneadh sé a veidhlín os comhair an mhainséara i séipéal na mainistreach.

Bhí eachma ainsealach ar a chraiceann agus é séidte go dtí an pointe go ndúirt a bhráithre go raibh a chraiceann mar ‘fheoil amh.’

“Mheas na dochtúirí go mbeadh orthu an chos a bhaint” a scríobh an rúnaí, an tAthair Blase. Lean sé air: “Níor baineadh aon gheit as Solanus, ní raibh aon ionadh air ná aon bhuairt ná aon suaitheadh ar a chlos seo. Dá mbainfí a chosa bhí sin go maith, mura mbainfí iad bhí sin go maith freisin.”

I mí Eanáir 1956, d’aithin dochtúirí i Detroit go raibh ailse chraicinn air agus mholadar obráid. Tar éis na hobráide tháinig feabhas ar Sholanus ach chinn a uachtaráin é a choimeád i mainistir Naomh Bonaventure i Detroit mar go raibh sé i gcóngar ard- chúram dochtúirí den scoth.

Leath an scéala gan mhoill go

raibh sé i nDetroit. Bíodh is go raibh sé cráite mar gheall air, chuir na huachtaráin cosc lena chúraimí. Ba chuimhin leis an uachtarán an tAthair Bernard Burke: “Bhí orainn cosc a chur le mórchuid de na glaonna telefóin agus na turais chuairteoireachta. D’iarramar air gan dul go dtí an fón ná gan dul chun na hoifige tosaigh gan cead speisialta i dtreo is go gcaomhnódh sé a neart. Ghlac sé leis na hiarratais seo.”

“Canathaobh nach ligfidh siad dom buaileadh leis na daoine?” a d’fhiafraigh sé de dhuine dá bhráithre. B’shin an t-aon ghearán amháin uaidh bíodh is gur ghoill an cosc go mór air.

AN NOLLAIG DHEIREANACH

Fé Nollaig 1956, bhí an tAthair Solanus an-lag. Ba chuimhin le nóibhíseach a Nollaig dheireanach.

“Oíche Nollag bhíos ar mo shlí chun caitheamh aimsire lem bhráithre agus chuas isteach i séipéal na Mainistreach ar cuairt chun na Naomhshacraiminte. Agus mé im’ shuí ann chuala dioscán a d’aithníos ag teacht ón séipéal mór agus bhí a fhios agam gan mhoill gurb é an tAthair Solanus a bhí ag seinm a veidhlín. Theastaigh uaim an radharc seo a fheiceáil, mar sin d’oscail mé an doras ón mainistir go dtí an eaglais phoiblí. Chonaic mé Solanus ina aonar san áiléar ag seinm carúil Nollag agus á gcanadh don leanbh Íosa.”

Faoi Bhealtaine 1957, bhí craicinn an Athar Solanus imithe go mór chun donais le ruachtach géar. Chuir na dochtúirí é i gcampa ocsaigíne agus tháinig feabhas air. De réir mar a fheabhsaigh a shláinte, d’fhill a ghnáthmheon gealgháireach thar n-ais. Dúirt bean rialta a bhí á chuairtíú san ospidéal - “Leis na blianta is minic a chuala daoine ag caint fút, a Athair.”

“Sea” ar sé “is minic daoine ag labhairt faoi Jesse James freisin.”

“Fiú agus pian air” ba chuimhin le bean rialta eile, “b’é a mhian leanúint de bheith ag iarraidh daoine a thabhairt chun Dé.” “Ní féidir liom bás a fháil” a chualamar é ag rá “go dtí go ngráoidh gach éinne É.”

“Cá bhfuil an tinneas ag luí ort?” a d’fhiafraigh bráthair de. “Ó, ar mo chabhail iomlán” a d’fhreagair sé agus ansin ar sé, “Buíochas le Dia.”

BRONNADH IS EA AN BHEATHA

Nuair a chuaigh an tAthair Gerard Walker, Cúigíoch na gCaipisíneach agus seanfhreastalaí altóra do Sholanus, ar a thuairisc ar 30 Iúil dúirt sé agus é ag fáil bháis: “Chonaic

mé mo shaol ar fad mar thoirbhirt – sé mo mhian leanúint den toirbhirt go dtí nach bhfuil aon dé fágtha ionam. Mar sin do ghuigh mé, nuair a thiocfadh uair mo bháis, go mbeinn i gciall is i gcuimhne, i dtreo is go bhféadfainn d’aonturas m’anáil dheireanach a thabhairt do Dhia.”

Ar a haon déag a chlog an mhaidin dár gcionn agus a chorp a bhí tnáite á ní ag banaltra chuala sí Solanus ag cogarnáil. Go hobann lán d’oscail sé a shúile, shín amach a ghéaga agus dúirt go sóiléir, “Tugaim m’anam d’Íosa Críost.” Mar a dúirt sé lena Chúigíoch, thug sé a anáil dheireanach do Dhia.

Fuair sé bás ar 3 Iúil 1957, cothrom caoga is a trí bliain don lá a chéiliúir sé a chéad Aifreann.

Ar feadh dhá lá ghabh daoine, duine ar dhuine, le hais a chónra oscailte. Ag Aifreann na sochraide i séipéal na mainistreach agus é ag iarraidh na deora a chloí thug an tAthair Gerard an seanmóir – “Séard a bhí ina shaol ná seirbhís agus grá do dhaoine mar mise agus tusa. Nuair nach raibh sé féin breoite d’fhulaing sé mar sin féin a bheag nó a mhór leatsa agus duitse a bhí breoite. Nuair ná raibh sé féin ocrach, bhí ocras air leat. Bhí grá diaga aige do dhaoine. Bhí grá aige do dhaoine sa mhéid go bhféadfadh sé rud éigin a dhéanamh dóibh agus do Dhia tríothusan.”

In aice lena uaigh, sa reilig gar don mhainistir, tá leac cloch eibhir mar a bhfuil rilif íseal de Naomh Phroinsias agus é ag fógairt - “Moladh leis an Tiarna dár ndeirfiúr an bás corpartha.” Greannta i mbun an tséid-chomhartha tá manna na bProinsiasach lenar chaith an tAthair Solanus Ó Cathasaigh a shaol ag déanamh isteach ar 87 bliain. “Mo Dhia is m’uile.”

AN CHÚIS CHUN A NAOFACHT A FHÓGAIRT

I ndiaidh a bháis leath cáil an Athar Solanus agus thug mórán daoine turas ar a uaigh shimplí i reilig na mbráithre. Trí bliana tar éis báis dó bhunaigh a iliomad carad cumann an Athar Solanus chun a chuimhne agus a bharrshamhail a choimeád beo. Agus is iad san freisin a chur tús leis an ngluaiseacht chun an tAthair Solanus a chur ar aghaidh mar iar-rthóir ar ghairm na Naofachta san Eaglais.

Toghadh leaséilitheoir sa bhliain 1966 agus foilsíodh “Doirseoir Shéipéil Naomh Bonaventure”, an chéad bheathsnéis, sa bhliain 1968. I 1976 chuaigh an leaséilitheoir i dteagmháil le hArd-Easpag Detroit, An Cairdinéal John Deardon agus chuir sé sin amach an t-iaratas oifigiúil chun na scríbhinní go léir a bhí curtha i leith sheirbhíseach Dé a aimsiú. Deineadh cóip díobh agus cuireadh faoi chumdach iad i gceithre imleabhar agus tugadh iad go dtí an Príomhéilitheoir i Meitheamh na bliana 1980.

Faoi 1981 bhí an Cairdinéal Dearden ullamh an chúis a chur ar aghaidh agus iarradh ar an gComhthionól do Chúiseanna na Naomh an cás a oscailt. Tugadh an cead sa bhliain 1982 agus cuireadh ordú go dtí an tArd-Easpag nua ar Detroit, Edmund C. Szoka, an fiosrú deoiseach a thosú. Tar éis agallamh a chur ar chaoga is a trí fhinné bhí an próiseas críochnaithe agus tugadh chun na Róimhe na torthaí i nDeireadh Fómhair 1984.

De réir dlí na hEaglaise tógadh corp an tAthair Solanus as an uaigh chun é a scrúdú i bhfianaise Ard-Easpag Szoka agus oifigigh na hArd-Deoise 8 Iúil 1987. Fuarthas go raibh an corp slán, cuireadh aibíd nua air agus cuireadh é i gcónra nua chrúa. Cuireadh séala an Ard-Easpaig ar an gcónra agus cuireadh thar n-ais arís í i dtuama faoi thalamh i gcróslann thuaidh Eaglais Mainistreach Naomh Bonaventure, mar a dtagann mórán daoine ag paidireoireacht chun idirghuí Sholanus a fháil ar a son.

Dhein Comhthionól do Chásanna na Naomh staidéar ar an Positio nó Cáipéisí na Cúise agus ghlacadar leo sa bhliain 1995. Ar 11ú Iúil an bhliain sin d'fhógair an Pápa Eoin Pól II an forógra gur laochta iad a shuílci agus thug an teideal Urramach dó. Tá gá anois le haon mhíorúilt leighis amháin chun an chúis le haghaidh beannachtaithe a chur ar aghaidh agus tá a lán ag guí go dúthrachtach chuige sin.



Tuama Solanus Ó Cathasaigh, Urramach, O. F. M. Cap.

**An Leaséilitheoir do chúis an Ath. Solanus.
Fon 93130 579-2100, ext.139**



Shuigh an tAth Solanus Ó Cathasaigh os cionn leath chéad bliain ag a bhíne laistigh de dhoras is é ag feidhmiú mar dhoirseoir. Bíodh is gur as an gcoitiantacht dá shagartóireacht, ba rathmhar, torthúil í mar sin féin.



An tAth. Solanus Ó Cathasaigh
Caipisíneach

Chun a thuilleadh eolais d'fháil scríobh nó glaoigh ar

The Father Solanus Guild

1780 Mt. Elliott Avenue

Detroit, Michigan 48207-3496

Phone: (313) 579-2100 Ext. 140

Éinne go bhfuil eolas acu ar an tAth. Solanus nó a fuair toradh ar a nguí dein teanghbháil leis an Leas-Éilitheoir, seoladh thuas.